2025/2363

21.11.2025

TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2025/2363 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Méan Fómhair 2025

lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i ngloine nó i gcomhpháirteanna ceirmeacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(1) de Threoir 2011/65/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na substaintí guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin i dtrealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh. Níl feidhm ag an srian sin maidir le feidhmeanna díolmhaithe áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Liostaítear catagóirí an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/65/AE ina leith in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Is substaint shrianta í luaidhe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Is é 0,1 % luaidhe de réir meáchain an t-uasluach tiúchana inghlactha in ábhair aonchineálacha.

(4) Le Treoir Tharmligthe (AE) 2018/736 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh díolúine le haghaidh comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i ngloine nó i gcomhdhúil mhaitríse ghloine nó cheirmeach, mar a leagtar amach in iontráil 7(c)-I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Bhí an díolúine le dul in éag an 21 Iúil 2021, an 21 Iúil 2023 agus an 21 Iúil 2024, faoi seach le haghaidh gach ceann de na catagóirí ábhartha trealaimh leictrigh agus leictreonaigh.

(5) Le Treoir Tharmligthe (AE) 2019/169 ón gCoimisiún ([3]) deonaíodh díolúine maidir le luaidhe i gceirmeach tréleictreach i dtoilleoirí le haghaidh voltas rátaithe 125 V AC nó 250 V DC nó níos airde, mar a leagtar amach in iontráil 7(c)-II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Bhí an díolúine le dul in éag an 21 Iúil 2021, an 21 Iúil 2023 agus an 21 Iúil 2024, faoi seach le haghaidh gach ceann de na catagóirí ábhartha trealaimh leictrigh agus leictreonaigh.

(6) Fuair an Coimisiún ocht n-iarraidh ar athnuachan san iomlán ar an díolúine dá dtagraítear in aithris 4, lena gcumhdaítear gach catagóir trealaimh leictrigh agus leictreonaigh. Maidir leis an díolúine dá dtagraítear in aithris 5, fuair an Coimisiún iarraidh amháin ar athnuachan. Fuarthas gach iarraidh laistigh den tréimhse ama le haghaidh athnuachan a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir 2011/65/AE. I gcomhréir le hAirteagal 5(5), an dara fomhír, de Threoir 2011/65/AE, leanfaidh an díolúine atá ann cheana de bheith bailí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an iarratas ar athnuachan.

([1]) IO L 174, 1.7.2011, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/65/oj.

([2]) Treoir Tharmligthe (AE) 2018/736 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2018 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha áirithe ina bhfuil luaidhe i ngloine nó i gceirmeach (IO L 123, 18.5.2018, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2018/736/oj).

([3]) Treoir Tharmligthe (AE) 2019/169 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2018 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i gceirmeach tréleictreach i dtoilleoirí áirithe (IO L 33, 5.2.2019, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2019/169/oj).

(7) Chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais a fuarthas, rinneadh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch agus tugadh chun críche é in 2022 ([4]). Rinneadh staidéar eile ina ndírítear ar na catagóirí trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a iarradh lena n-athnuachan ag céim níos déanaí agus tugadh chun críche é in 2024 ([5]). Áiríodh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa mheastóireacht freisin, i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE.

(8) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar an athnuachan díolúine a iarradh go soláthraíonn luaidhe, i gceirmigh, airíonna tréleictreacha, písileictreacha, pireaileictreacha, fearóileictreacha, leathsheoltóra, maighnéadacha ar leith thar raon leathan úsáide i dtéarmaí teochtaí, voltais nó minicíochtaí. I ngloine, soláthraíonn luaidhe airíonna ríthábhachtacha ar nós ísliú na bpointí leáite agus na mbogphointí, feabhas a chur ar inoibritheacht, inmheaisínitheacht, agus cobhsaíocht cheimiceach agus eile.

(9) Níl ionadaigh le haghaidh ceirmigh agus gloiní ina bhfuil luaidhe indéanta go teicniúil le haghaidh gach feidhme nó níl ionadaigh iontaofa go leor le haghaidh feidhmeanna sonracha. Dá bhrí sin, comhlíonann an athnuachan a iarradh na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a), an chéad fhleasc agus an dara fleasc, de Threoir 2011/65/AE, is é sin, go bhfuil sé dofheidhmithe go heolaíoch nó go teicniúil díothú nó ionadú a dhéanamh trí na hathruithe ar an dearadh nó trí na hábhair agus na comhpháirteanna nach n-éilíonn aon cheann de na hábhair nó na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus nach n-áirithítear iontaofacht na n-ionadach.

(10) Chun measúnú teicniúil níos dírithe a cheadú amach anseo, ba cheart an díolúine atá ann faoi láthair a leagtar amach in iontráil 7(c)-I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE a roinnt ina dá phointe, is é sin, 7(c)-V le haghaidh luaidhe i bhfeidhmeanna gloine agus 7(c)VI le haghaidh luaidhe i bhfeidhmeanna ceirmeacha. Is iomchuí na hiarratais theicniúla sna hiontrálacha sin a shonrú.

(11) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht dá dtagraítear in aithris 7 cé gur féidir go heolaíoch luaidhe i dtréleictreach ceirmeach a ionadú le toilleoirí ardvoltais le haghaidh roinnt feidhmeanna faoin díolúine a leagtar amach i bpointe 7(c)-II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, nach bhfuil sé indéanta go teicniúil le haghaidh fhormhór na bhfeidhmeanna. Ina theannta sin, níl an iontaofacht leordhóthanach i gcleachtas ag toilleoirí saor ó luaidhe den sórt sin. Dá bhrí sin, comhlíonann an athnuachan a iarradh na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a), an chéad fhleasc agus an dara fleasc, de Threoir 2011/65/AE.

(12) Ba cheart na díolúintí athnuaite a dheonú le tréimhsí bailíochta lena gcuirtear san áireamh conclúidí teicniúla na meastóireachta dá dtagraítear in aithris 7. Ba cheart an díolúine a leagtar amach i bpointe 7(c)-I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE a athnuachan ar feadh tréimhse bhailíochta ghearrthéarmach i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/65/AE. Ba cheart a chur san áireamh i ndátaí éaga na díolúine a leagtar amach i bpointí 7(c)-II agus sna díolúintí atá le leagan amach i bpointí 7(c)-V agus 7(c)-VI d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin an íostréimhse 18 mí roimh an dáta éaga, inar gá iarrataí ar athnuachan a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(5), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/65/AE.

(13) Mar gheall ar an athnuachan gearrthéarmach atá fágtha ar an díolúine a leagtar amach i bpointe 7(c)-I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, is iomchuí dáta éaga amháin a shocrú le haghaidh gach catagóire de threalamh leictreach agus leictreonach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

(14) Ní lagaíonn athnuachan na ndíolúintí an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/65/AE a leasú dá réir sin,

([4]) Tá Tuarascáil Chríochnaitheach (Pacáiste 22) an staidéir ar fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/c774eb67-7cc6-11ec-8c40-01aa75ed71a1/language-en.

([5]) Tá Tuarascáil Chríochnaitheach (Pacáiste 27) an staidéir ar fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/708d9a2a-26e1-11ef-a195-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-327348441.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

(1) Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 30 Meitheamh 2026 Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Iúil 2026.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Méan Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 7(c)-I agus 7(c)-II:

‘7(c)-I	Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i ngloine nó i gceirmeach seachas ceirmeach tréleictreach i dtoilleoirí, mar shampla gairis phísileictreonacha, nó i gcomhdhúil mhaitríse gloine nó cheirmeach	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir agus rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027.
7(c)-II	Luaidhe i gceirmeach tréleictreach i dtoilleoirí le haghaidh voltas rátáilte 125 V AC nó 250 V DC nó níos airde	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas na feidhmeanna a chumhdaítear le pointe 7(c)-I nó 7(c)-IV) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.’

(2) cuirtear isteach na pointí 7(c)-V agus 7(c)-VI seo a leanas:

‘7(c)-V	Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i gcomhdhúil maitríse gloine nó gloine a chomhlíonann aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas: (1) le haghaidh cosanta agus insliú leictreach i gcoirníní gloine de dhé-óidí ardvoltais agus sraitheanna gloine do shliseoga; (2) le haghaidh séalaithe heirméiteach idir páirteanna ceirmeacha, miotail agus/nó gloine; (3) chun críocha nasctha i bhfuinneog pharaiméadair próisis le haghaidh < 500 °C maille le slaodacht 1 013,3 dPas (‘teocht thrasdultach ghloine’); (4) lena n-úsáid mar ábhar sainfhriotaíoch amhail dúch, le raon friotachais ó 1 ohm/cearnóg go 100 meagóm/cearnóg, gan poitéinsiméadair frámála a áireamh; (5) lena n-úsáid i ndromchlaí gloine atá modhnaithe go ceimiceach le haghaidh plátaí micreachainéal, iolraitheoirí leictreon cainéil agus táirgí gloine sainfhriotaí.	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.
7(c)-VI	Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha ina bhfuil luaidhe i gceirmeach a chomhlíonann aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas: (1) lena n-úsáid i gceirmeacht tíotánáite siorcóiniam luaidhe písileictreach; (2) chun ceirmeacht a sholáthar le comhéifeacht dheimhneach teochta.	Tá feidhm aige maidir le gach catagóir (seachas feidhmeanna a chumhdaítear le pointí 7(c)-II, 7(c)-III agus 7(c)-IV den Iarscríbhinn seo chomh maith le pointe 14 d’Iarscríbhinn IV) agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.’